Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 29 Aibreán 2022**
**(OR. fr)**

**8513/22**

**ENER 145**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Comité des représentants permanents/Conseil |
| Ábhar: | Situation énergétique dans l'UE dans le contexte de la guerre en Ukraine<br>*- Échange de vues* |

Mar ullmhúchán don chruinniú urghnách a bheidh ag an gComhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh (Fuinneamh) an 2 Bealtaine 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo an nóta cúlra a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Fraince.

**<u>Nóta cúlra – an Chomhairle ITF (Fuinneamh) an 2 Bealtaine</u>**

Leis na cinntí a rinne Gazprom le déanaí chun an soláthar gáis a chur ar fionraí go hiomlán faoina chonarthaí le Ballstáit áirithe, meabhraítear an phráinn agus an tábhacht a bhaineann le malartú idir na hairí maidir leis an staid sin.

Thairis sin, ó cuireadh tús leis an gcogadh san Úcráin, tá roinnt ionstraimí molta ag an gCoimisiún Eorpach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i dtaca le slándáil an tsoláthair san Aontas Eorpach, amhail an t-ardán comhpháirteach chun gás a cheannach, an teachtaireacht RepowerEU nó an rialachán maidir le stóráil gáis a foilsíodh an 23 Márta. Tá an méid sin sa bhreis ar na sásaí comhordúcháin agus dlúthpháirtíochta atá ann cheana féin, go háirithe i gcomhthéacs an Rialacháin maidir le slándáil an tsoláthair gáis.

Luadh ag Comhairle Eorpach an 24-25 Márta gur cheart na stoic gáis a athshlánú ar fud an Aontais a luaithe is féidir, agus bearta ullmhachta náisiúnta á gcur san áireamh go hiomlán. Agus sinn ag breathnú romhainn chuig an ngeimhreadh seo chugainn, ní mór do na Ballstáit agus don Choimisiún leanúint de bheith ag díriú ar an méid seo a leanas:

a) na sásraí dlúthpháirtíochta agus cúitimh maidir le stóráil gáis is gá a bhunú;
b) oibriú le chéile faoi chuimsiú an ardáin Eorpaigh maidir le soláthar an fhuinnimh chun gás, GNL agus hidrigin a cheannach go deonach i gcomhar le chéile, agus an leas is fearr is féidir á bhaint as neart comhchoiteann polaitiúil agus meáchan margaidh an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstáit sa chaibidlíocht chun praghsanna a laghdú;
c) na hidircheangail gháis agus leictreachais a neartú ar fud an Aontais, lena n-áirítear sioncrónú iomlán na n-eangach cumhachta;
d) oibriú chun slándáil na soláthairtí a áirithiú do gach Ballstát.

Cuireadh an t-ardán comhpháirteach soláthair ar bun. Rinne an Grúpa Comhordaithe Gáis agus an Coimisiún anailís tosaigh ar rioscaí agus ar ullmhacht na mBallstát agus ar an ullmhacht ar an leibhéal Eorpach, bíodh sin chun soláthairtí malartacha a áirithiú nó chun an t-éileamh a laghdú.

An 18 Bealtaine, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún plean REPowerEU a thíolacadh arb é is aidhm dó spleáchas fuinnimh an Aontais ar an Rúis a laghdú trí ghníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh a bheadh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe.

I gcomhthéacs na mbeart atá déanta ag Gazprom, beifear in ann leis an díospóireacht aireachta seo breithniú ar ghníomhaíochtaí breise a d'fhéadfaí a dhéanamh i ndáil leis an soláthar a dhaingniú, le hidirthuras gáis agus le bainistiú na stoc gáis, go háirithe ag féachaint do na seachtainí agus na míonna amach romhainn. Tá sé mar aidhm leis freisin ceachtanna a fhoghlaim ó obair an Ghrúpa Comhordaithe Gáis, na bearta atá le cur chun feidhme a shainaithint chun comhordú idir na Ballstáit a neartú agus teachtaireachtaí comhpháirteacha atá le scaipeadh a shainaithint.

Iarrfar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir le dhá cheist go háirithe:

1- Cén chaoi a ndéanfá anailís ar bhur gcás féin i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí?

2- Conas is féidir leibhéal ullmhachta an Aontais do ghéarchéim soláthair a neartú? Cad iad na bearta agus ionstraimí dlúthpháirtíochta san Aontas ar mhaith leat a chur chun cinn sa chomhthéacs sin?

   A mhéid a bhaineann le briseadh soláthair a d'fhéadfadh tarlú, iarrfar ar na hairí anailísí a mhalartú maidir le hullmhacht, bearta dlúthpháirtíochta agus bearta éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann chun malartú faisnéise, lena n-áirítear faisnéis maidir le tomhaltas, a neartú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr.